Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Lúnasa 2017

## Fógra Tábhachtach Meabhrúcháin d’Fhostóirí agus do Sholáthraithe Pinsean

## Seirbhís Poist agus Pinsin – seirbhís ar líne d’fhostaithe agus d’fhaighteoirí pinsean príobháideach

Meabhraítear d'fhostóirí agus do sholáthraithe pinsean gur sheol na Coimisinéirí Ioncaim seirbhís nua ar líne, Poist agus Pinsin, i mí Mheán Fómhair 2016. **Tá sé tábhachtach go dtugtar an t-eolas san fhógra seo chun aird na mball foirne uile Acmhainní Daonna/Párolla.**

**Tá an tseirbhís Poist agus Pinsin anois in áit na Foirme 12A nach bhfuil in úsáid a thuilleadh. Ní mór d’fhostaithe a gcéad phost in Éirinn a chlárú leis an tseirbhís seo.**

Tríd an tseirbhís seo, féadfaidh an uile fhostaí a bpost (nó a bpinsean príobháideach) nua a chlárú leis na Coimisinéirí Ioncaim agus ní theastaíonn anois go nglaofadh fostaithe ar na Coimisinéirí Ioncaim ná foirmeacha páipéir a chomhlánú. I bhformhór na gcásanna eiseofar deimhniú creidmheasanna cánach, laistigh de 2 lá oibre, chuig an bhfostóir agus chuig an bhfostaí araon ag cinntiú go bhféadfaidh an fostóir an méid ceart cánach agus MSU a asbhaint don phost sin (nó don phinsean sin).

Tá an tseirbhís Poist agus Pinsin ann freisin le haghaidh fostaithe:

- a athraíonn post agus an post roimhe scortha ar thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim (nuair a shíníonn an fostaí isteach ar an tseirbhís feicfidh siad cé acu an bhfuil an post roimhe scortha nó an bhfuil sé fós gníomhach);
- atá ag tosú an dara post, nó post eile arís, is é sin, post eile in éineacht lena bpríomhphost;
- atá ag tosú ag fáil íocaíochtaí ó phinsean príobháideach.

Tá an tseirbhís ar fáil in moChúrsaí agus ar ROS. Ní mór d'fhostaithe, lena n-áirítear iad siúd atá ag tosú oibre den chéad uair in Éirinn, clárú le haghaidh moChúrsaí le húsáid a bhaint as an tseirbhís Poist agus Pinsin. Ba chóir d’aon fhostaithe nach bhfuil in ann seirbhísí ar líne a úsáid teagmháil a dhéanamh lena n-oifig de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim chun cabhair a fháil.

Mar fhostóir:

- ba chóir duit a mholadh go láidir do do chuid fostaithe nua clárú le haghaidh moChúrsaí sula dtosaíonn an obair. Féadfaidh fostaithe a bpost nua a chlárú freisin roimh an dáta tosaigh.
- ba chóir duit an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil do d'fhostaithe nua chun ligean dóibh a bpost nua a chlárú ar líne:
  - d'uimhir cláraithe cánach
  - dáta tosaithe an phoist nua
  - minicíocht na n-íocaíochtaí
  - uimhir aitheantais foirne, má shanntar ceann.

- níor chóir duit foirm P46 a thíolacadh a thuilleadh nuair a chláraíonn fostaithe a bpost nua ag baint úsáide as an tseirbhís. (Is iarratas é an fhoirm P46 ó fhostóir ag iarraidh P2C d'fhostaí).
- ba chóir duit an P45(3) a uaslódáil mar is gnách.
- ba chóir duit leanúint le P45 a eisiúint láithreach d'fhostaithe ar an dáta a scoireann an fhostaíocht. Cinnteoidh sé seo go mbeidh P45 (codanna 2 & 3) ag fostaithe nua nuair a thosaíonn siad post nua.
- ba chóir duit ÍMAT agus MSU a fheidhmiú ar bhonn éigeandála má tharlaíonn lá íocaíochta roimh P45 nó P2C a fháil.

Tá an tseirbhís seo tapa agus áisiúil agus cinntíonn sé go n-íocann fostaithe agus faighteoirí pinsin an méid ceart cánach gan a thuilleadh moille.

## Ullmhúchán do Nua-aoisiú ÍMAT

Beidh Nua-aoisiú ÍMAT i bhfeidhm ó 1/1/19 – An mbeidh do ghnó réidh?

Mar ullmhúchán don athrú, cinntigh go gcuirtear na bearta seo a leanas ar bun:

- go bhfuil an UPSP ceart agat do do chuid fostaithe go léir
- go bhfuil deimhniú creidmheasanna cánach suas chun dáta faighte agat do do chuid fostaithe uile agus go bhfuil an ceann is deireanaí á fheidhmiú agat
- go bhfuil do chuid fostaithe go léir cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim